



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Teastas Sóisearach 2018

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Matamaitic

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Clár na nÁbhar

Leathanach

Páipéar 1

Struchtúr na scéime marcála	4
Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm	5
Réitigh shamplacha agus nótaí marcála	6

Páipéar 2

Struchtúr na scéime marcála	23
Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm	24
Réitigh shamplacha agus nótaí marcála	25

Marcanna breise as ucht freagairt trí Ghaeilge	49
--	----

Páipéar 1

Struchtúr na scéime marcála

Marcáiltear freagraí na n-iarrthóirí de réir scálaí difriúla, ag brath ar na cineálacha freagra a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí in dhá chatagóir (ceart agus mícheart), i gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí i dtrí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu ar an bpáipéar scrúdaithe seo:

Lipéad an scála	B	C	D
Líon na gcatagóirí	3	4	5
Scála 5 mharc	0, 3, 5	0, 2, 3, 5	0, 2, 3, 4, 5
Scála 10 marc		0, 3, 7, 10	0, 2, 6, 9, 10
Scála 15 mharc		0, 4, 12, 15	0, 3, 9, 13, 15

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos mionsonraithe le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léiriú i gcomhthéacs gach ceiste.

Scálaí marcála – tuairisceoirí leibhéil

B-scálaí (trí chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra ceart i bpáirt (páirtchreidiúint)
- freagra ceart (lánchreidiúint)

C-scálaí (ceithre chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (lánchreidiúint)

D-scálaí (cúig chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart (páirtchreidiúint mheánach)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (lánchreidiúint)

I gcásanna áirithe, ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar slánú mícheart, in a bhfágtar aonaid ar lár nó ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair, féadfar marc a thabhairt atá aon mharc amháin faoi mharc na lánchreidiúna. Tagraítear don leibhéal seo creidiúna mar *Lánchreidiúint –1*, agus sainithnítear na cineálacha seo earráidí le réiltín (*). Dá bhrí sin, mar shampla, i scála 10C, féadfar *Lánchreidiúint–1* as 9 marc a thabhairt.

Ní fhéadtar aon mharcanna a thabhairt seachas iad siúd atá ar an scála cuí, agus *Lánchreidiúint–1*.

Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm

Ceist 1 (20)

- (a) 5B
- (b) 15C

Ceist 2 (30)

- (a) 10C
- (b) 10D
- (c) 10D

Ceist 3 (10)

- (a),(b) 10D

Ceist 4 (15)

- (a) 5C
- (b) 10C

Ceist 5 (25)

- (a) 5B
- (b) 10D
- (c) 10C

Ceist 6 (40)

- (a),(b) 10C
- (c),(d) 10D
- (e),(f) 10D
- (g),(h) 10C

Ceist 7 (15)

- (a) 5C
- (b) 10C

Ceist 8 (25)

- (a) 15C
- (b) 10C

Ceist 9 (25)

- (a) 5B
- (b),(c) 5D
- (d) 5B
- (e) 10D

Ceist 10 (30)

- (a) 15C
- (b) 10C
- (c) 5B

Ceist 11 (10)

10D

Ceist 12 (15)

- (a) 10D
- (b) 5C

Ceist 13 (15)

- (a),(b) 15D

Ceist 14 (25)

- (a) 15C
- (b) 10C

Réitigh Shamplacha & Nótaí Marcála

Níl sé i gceist gur liostaí uileghabhálacha na réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d’fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht chur chuige aon iarrthóra ar leith i gceist ar leith, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

Áit a dtagraítear sa scéim do “obair thuillteanais”, tugtar samplaí den chaighdeán atá inghlactha mar obair thuillteanais sa chuid ar leith sin.


I gcoitinne, glac le hobair iarrthóra i gcuid amháin ceiste lena húsáid i gcodanna den cheist ina dhiaidh sin, mura róshimplíonn sé seo an obair i gceist.

C1	Réiteach Samplach – 20 Marc	Nótaí Marcála
(a)	1ú Difríocht = $7 - 1 = 6$ Freagra: 13, 19, 25	Scála 5B (0, 3, 5) Glac le freagra ceart gan obair tacaíochta. <i>Páirtchreidiúint</i> - Léiríonn tuiscint ar phatrúin líneacha, mar shampla: míníonn líneach go cuí; an chéad dhifríocht cheart aimsithe - Trí théarma leantacha i seicheamh líneach (1 agus 7 san áireamh, b’fhéidir) - Foirmle ábhartha cheart, mar shampla: $T_n = a + (n - 1)d$ nó $y = mx + c$ <i>Lánchreidiúint –1</i> - Feidhmigh * más 6 dhá cheann de na chéad difríochtaí nua 6, mar shampla: 13, 19, 26 nó 12, 18, 24.
(b)	<i>Patrún ar bith ag leanúint ar aghaidh ó 1, 7 leis an dara difríocht thairiseach (neamh-nialas).</i> <i>Mar shampla: 14, 22, 31</i> <i>nó seicheamh cearnach ar bith eile ag leanúint ar aghaidh ó 1, 7</i>	Scála 15C (0, 4, 12, 15) Glac le freagra ceart gan obair tacaíochta. <i>Gan Chreidiúint</i> - Freagra 13, 19, 25, nó aimsíonn an chéad dhifríocht <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Léiríonn tuiscint ar phatrúin chearnacha, mar shampla: comharthaíonn nó tagraíonn do dara difríochtaí - Foirmle ábhartha cheart, mar shampla: $an^2 + bn + c$ <i>Páirtchreidiúint Ard</i> - Scríobhann an seicheamh le 2 dara difríocht comhionanna neamh-nialas ar a laghad (ní gá iad a bheith leantach)

C2	Réiteach Samplach – 30 Marks				Nótaí Marcála
(a)	(i)	750 [kcal]			Scála 10C (0, 3, 7, 10) Glac le freagra ceart gan obair tacaíochta Lamháltas: ± 10 ar y-ais agus ± 1 ar x-ais. <i>Páirtchreidiúint Íseal:</i> - Obair tuillteanais in (i) nó (ii), mar shampla: comhartha ábhartha ar an ngraf do cheachtar den dá chuid (comhartha de 300 kcal san áireamh); nó 125 tugtha mar fhreagra i (ii) <i>Páirtchreidiúint Ard</i> (i) nó (ii) ceart - Obair tuillteanais sa dá chuid
	(ii)	300 kcal i 30 nóim ionann le 600 kcal in 1 uair $\therefore$ 155 [buille sa nóiméad]			
(b)	Babhta	Mall	Ráib	Iomlán	Scála 10D (0, 2, 6, 9, 10) Glac le freagra ceart gan obair tacaíochta <i>Nóta:</i> Glac leis go bhfuil iomlán ceart má bhíonn sé ceachtar acu comhionann le suim Mall agus Ráib, nó (do bhabhtaí 3, 4, agus 5) más mó de 50 é ná an tIomlán ón tsraith roimhe. <i>Nóta:</i> Mura mbíonn an iontráil dheiridh Ráib i dtéarmaí n , tabhair <i>PCM</i> ar a mhéid. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Iontráil amháin ceart <i>Páirtchreidiúint Mheánach</i> - Cúig iontráil ceart <i>Páirtchreidiúint Ard</i> - Seacht n-iontráil ceart, ceann amháin ar a laghad de na hiontrálacha i dtéarmaí n san áireamh <i>Lánchreidiúint –1</i> - Naoi n-iontráil ceart (i.e. iad uile seachas ceann amháin), an dá iontráil i dtéarmaí n san áireamh
	1	60	50	110	
	2	60	100	160	
	3	60	150	210	
	4	60	200	260	
	5	60	250	310	
	n	60	$50n$	$60 + 50n$	

C2	Réiteach Samplach – 30 Marks	Nótaí Marcála
(c)	Fad iomlán = $60 + 150 = 210$ [m] Rith mall: $Am = \frac{F}{L} = \frac{60}{2} = 30$ [soicind] Ráib: $Time = \frac{F}{L} = \frac{150}{7.5} = 20$ [soicind] Am iomlán = $30 + 20 = 50$ [soicind] Meánluas = $\frac{F}{A} = \frac{210}{50} = 4.2$ [m/s]	Scála 10D (0, 2, 6, 9, 10) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Obair tuillteanais, mar shampla: foirmle ábhartha; aimsíonn fad iomlán <i>Páirtchreidiúint Mheánach</i> - Am ceart amháin ríofa <i>Páirtchreidiúint Ard</i> - Am iomlán an bhabhta ríofa - Am ceart amháin ríofa agus 210 roinnte faoi fhihiúr mícheart éigin ó roinnt oibre tuillteanais - Freagra ceart gan aon obair tacaíochta

C3	Réiteach Samplach – 10 Marc	Nótaí Marcála
(a), (b)	(a) $\frac{14}{35} \times 100 = \frac{2}{5} \times 100 = 40 \text{ [\%]}$ (b) $\frac{200}{0.88} = \text{€}227.27 \dots$ $227.27 \dots \times 1.18 = 268.181 \dots$ $= [\text{\$}] 268.18 \text{ [2 I.D.]}$ NÓ $\frac{1.18}{0.88} = 1.3409 \dots$ $\therefore \text{€}1 = \$1.3409 \dots$ $\text{€}200 \times 1.3409 \dots = 268.18 \dots$ $= [\text{\$}] 268.18 \text{ [2 I.D.]}$ NÓ $\frac{0.88}{1.18} = 0.7457 \dots$ $\therefore \$1 = \text{€}0.7457 \dots$ $\text{€}200 \div 0.7457 \dots = 268.18 \dots$ $= [\text{\$}] 268.18 \text{ [2 I.D.]}$	Scála 10D (0, 2, 6, 9, 10) Glac le freagra ceart gan obair tacaíochta <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Obair tuillteanais in (a) nó (b), is é sin: toradh ábhartha nó líon ábhartha (deilíní san áireamh) <i>Páirtchreidiúint Mheánach</i> (a) ceart - Obair tuillteanais in (a) agus (b) <i>Páirtchreidiúint Ard</i> (a) ceart, agus obair tuillteanais i (b) (b) ceart <i>Lánchreidiúint –1</i> - Mícheart nó gan aon slánú

Q4	Réiteach Samplach – 15 Mharc	Nótaí Marcála
(a)	{1, 2, 3, 4, 6, 12}	Scála 5C (0, 2, 3, 5) Glac le freagra ceart gan obair tacaíochta <i>Nóta:</i> Má thugtar fachtóirí iomarcacha míchearta, tabhair <i>Páirtchreidiúint Ard</i> ar a mhéid <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> • Fachtóir ceart amháin. <i>Páirtchreidiúint Ard</i> • Ceithre fhachtóir chearta.
(b)		Scála 10C (0, 3, 7, 10) Glac le freagra ceart gan obair tacaíochta. Déan neamhaird d'eilimintí ar bith sa léaráid Venn atá suite lasmuigh de thacar <i>F</i> Má tá eilimint mhícheart i láthair i réigiún, tabhair <i>PCA</i> ar a mhéid. Má tá eilimint scríofa faoi dhó in <i>F</i> níl an eilimint sin suite i gceart Má tá eilimintí i láthair i 3 réigiún sa fhreagra ó (a), féadtar <i>LC</i> a thabhairt i gcomhair (b); mura mbíonn eilimintí i láthair ach i 2 réigiún sa fhreagra ó (a), tabhair <i>PCA</i> ar a mhéid i gcomhair (b); mura mbíonn eilimintí i láthair ach i 1 réigiún sa fhreagra ó (a), tabhair <i>PCI</i> ar a mhéid i gcomhair (b). <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> • 1 réigiún leis na heilimintí ábhartha ar fad (bíodh na heilimintí iomarcacha i láthair nó ná bíodh) • 3 eilimint suite i gceart <i>Páirtchreidiúint Ard</i> • 2 réigiún leis na heilimintí ábhartha ar fad agus gan aon iomarca • 5 eilimint suite i gceart

C5	Réiteach Samplach – 25 Marc	Nótaí Marcála
(a)	$3(6) - 4(5^2)$ $= 18 - 4(25)$ $= 18 - 100$ $= -82$	Scála 5B (0, 3, 5) Glac le freagra ceart gan obair tacaíochta <i>Páirtchreidiúint</i> Roinnt ionadaithe ceart nó ríomh ábhartha.
(b)	$2x(4 - 5x + x^2) - 3(4 - 5x + x^2)$ $= 8x - 10x^2 + 2x^3 - 12 + 15x - 3x^2$ $= 2x^3 - 13x^2 + 23x - 12$	Scála 10D (0, 2, 6, 9, 10) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Téarma amháin iolraithe i gceart <i>Páirtchreidiúint Mheánach</i> - Trí théarma iolraithe i gceart <i>Páirtchreidiúint Ard</i> 2ú líne go hiomlán ceart 4 théarma ceart sa 2ú líne, críochnaithe i gceart - Freagra ceart gan obair tacaíochta
(c)	$10de - df - 5ef + 2d^2$ $= 10de - 5ef + 2d^2 - df$ $= 5e(2d - f) + d(2d - f)$ $= (2d - f)(5e + d)$ NÓ $10de - df - 5ef + 2d^2$ $= 10de + 2d^2 - 5ef - df$ $= 2d(5e + d) - f(5e + d)$ $= (5e + d)(2d - f)$	Scála 10C (0, 3, 7, 10) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Obair tuillteanais, mar shampla: fachtóir i bpáirt sainaitheanta ón slonn a tugadh <i>Páirtchreidiúint Ard</i> $5e(2d - f) + d(2d - f)$ nó a choibhéis - Freagra ceart gan obair tacaíochta $5e(2d - f) - d(2d - f)$ nó a leithéid, agus críochnaíonn i gceart.

C6	Réiteach Samplach – 40 Marc	Nótaí Marcála
(a), (b)	(a) 16, 32, 64 (b) Fearann: {1, 2, 3, 4, 5, 6} Raon: {2, 4, 8, 16, 32, 64}	Scála 10C (0, 3, 7, 10) Glac le freagraí cearta gan obair tacaíochta. Glac le freagraí i bhfoirm innéacs (2^4, 2^5, 2^6) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Obair tuillteanais in (a) nó (b), mar shampla: in (a), iontráil cheart amháin; comharthaíonn dúbailt; comhartha de 2^1, 2^2, nó 2^3; i (b), trí iontráil chearta i gceachtar acu an fearann nó an raon; nó fearann iomlán in ionad an raoin; nó raon iomlán in ionad an fhearainn (ach féach nóta thíos maidir le LC-1) <i>Páirtchreidiúint Ard</i> (b) ceart (a) ceart agus obair tuillteanais i (b) <i>Lánchreidiúint –1</i> - Feidhmigh * má bhíonn an fearann agus an raon ceart ach malartaithe
(c), (d)	(c) 2, 4, 8, 16, 32, 64, 128, 256, 512 i.e. 9 [fillteacha] (d) 512, 1024, 2048, 4096 i.e. $4 \cdot 096 \times 10^3$ [sraitheanna] NÓ $2^{12} = 4096$ $= 4 \cdot 096 \times 10^3$ [sraitheanna]	Scála 10D (0, 2, 6, 9, 10) Glac le freagraí cearta gan obair tacaíochta. Amharc ar an réiteach mar a bheadh 3 chéim riachtanach dó: Céim 1: réitíonn cuid (c) Céim 2: aimsíonn 4096 i gcuid (d) Céim 3: scríobhann freagra do (d) sa bhfoirm cheart. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Obair tuillteanais i (c) nó (d), mar shampla: roinnt sínte ceart ar phatrún an iarrthóra ó (a); roinneann 500 faoi 2 (i (c)); roinnt úsáide ábhartha bainte as 2^x <i>Páirtchreidiúint Mheánach</i> 1 chéim ceart (ar a n-áirítear uimhir ar bith atá ábhartha dá réiteach a shloinneadh sa bhfoirm $a \times 10^n$) <i>Páirtchreidiúint Ard</i> 2 chéim ceart

C6	Réiteach Samplach – 40 Marc	Nótaí Marcála
(e), (f)	(e) Beidh breis is 10 000 sraith ann tar éis 14 filleadh <i>nó míniú bailí ar bith eile</i> (f) <i>Freagra:</i> Easpónantúil <i>Fáth:</i> Dúbláonn sé gach uair NÓ Tá na chéad difríochtaí mar an gcéanna leis an seicheamh bunaidh NÓ Cumhacht an t-athraitheach <i>nó míniú bailí ar bith eile</i>	Scála 10D (0, 2, 6, 9, 10) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Obair tuillteanais in (e) nó (f), mar shampla: in (e), luann 14 filleadh nó 10 000 sraith; in (f), an bosca ceart ticeáilte; nó léiríonn tuiscint ar phatrún líneach / cearnach/ easpónantúil. <i>Páirtchreidiúint Mheánach</i> (e) nó (f) ceart - Obair tuillteanais in (e) agus (f) <i>Páirtchreidiúint Ard</i> - Cuid amháin ceart agus obair tuillteanais sa chuid eile
(g), (h)	(g) $k \times 2 \times 2 \times 2 = 8k$ (h) $2^p \times 2 \times 2 \times 2$ $= 2^p \times 2^3 = 2^{p+3}$	Scála 10C (0, 3, 7, 10) Glac le freagraí cearta gan obair tacaíochta. Má úsáidtear luach ar leith i gcomhair k nó 2^p nó p, tabhair <i>PCI</i> ar a mhéid, fiú má tá obair ábhartha curtha i láthair in (g) agus (h) araon <i>Páirtchreidiúint Íseal:</i> - Obair tuillteanais i (g) nó (h), mar shampla: comharthaíonn iolrú faoi 2; comharthaíonn 8 i (g) <i>Páirtchreidiúint Ard</i> (g) nó (h) ceart. - Obair tuillteanais i (g) agus (h) araon

Q7	Réiteach Samplach – 15 Mharc	Nótaí Marcála
(a)	An líon nótaí An líon bonn €5 €2 3 6 5 1 <i>nó le Slí 2 = (5, 1) agus Slí 3 = (3, 6)</i>	Scála 5C (0, 2, 3, 5) Glac le freagraí cearta gan obair tacaíochta. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Roinnt oibre tuillteanais, mar shampla: iarracht ar thriail agus feabhas <i>Páirtchreidiúint Ard</i> - Slí amháin ceart
(b)	Is féidir na slánuimhreacha go léir a dhéanamh agus úsáid á baint as boinn €2. €5 an corruimhir is lú is féidir a dhéanamh. Is féidir na corruimhreacha eile go léir a dhéanamh agus úsáid á baint as nóta €5 agus an líon riachtanach bonn €2. NÓ Gan €2: 5, 10, 15, ... = uimhreacha dar críoch 0 nó 5 iad go léir Aon €2: 7, 12, 17, ... = uimhreacha dar críoch 2 nó 7 iad go léir Dhá€2: 4, 9, 14, ... = uimhreacha dar críoch 4 nó 9 iad go léir Trí €2: 6, 11, 16, ... = uimhreacha dar críoch 6 nó 1 iad go léir Ceithre €2: 8, 13, 18, ... = uimhreacha dar críoch 8 nó 3 iad go léir NÓ tugann $2k$ réuimhreacha ar fad tugann $5 + 2k$ corruimhreacha ar fad NÓ <i>nó míniú bailí ar bith eile</i>	Scála 10C (0, 3, 7, 10) Glac le comharthú ar an gcaoi le na luachanna féideartha go léir a dhéanamh, gan mhíniú iomlán. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Roinnt oibre tuillteanais, mar shampla: tugann slí amháin le méid a dhéanamh seachas €2 nó €5 <i>Páirtchreidiúint Ard</i> - Léiríonn an chaoi le gach luach a dhéanamh in aon fhothacar infinideach amháin de na huimhreacha aiceanta gur mó ná 3 iad, mar shampla: na réuimhreacha ar fad; nó na corruimhreacha (ábhartha) ar fad; nó gach iolraí de cúig

C8	Réiteach Samplach – 25 Marc	Nótaí Marcála
(a)	$x = \frac{-(-4) \pm \sqrt{(-4)^2 - 4(1)(-7)}}{2(1)}$ $= \frac{4 \pm \sqrt{16+28}}{2}$ $= \frac{4 \pm \sqrt{44}}{2}$ $= 5.316... \text{ nó } -1.316...$ $= 5.32 \text{ nó } -1.32 \text{ [2 I.D.]}$	Scála 15C (0, 4, 12, 15) Nóta: má thugtar aon fhréamh amháin, tabhair <i>PCA</i> ar a mhéid Amharc ar an réiteach mar a bheadh 3 chéim leis: Céim 1: Foirmle cheart Céim 2: Ionadú ceart iomlán isteach sa bhfoirmle chearnach. Céim 3: Faigheann luach na foirmle cearnaí. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> • 1 chéim ceart • Sainaithníonn <i>a</i>, nó <i>b</i>, nó <i>c</i> • Fachtóirithe i gceart agus stopann • 1 fhreagra ceart gan obair <i>Páirtchreidiúint Ard</i> • 2 chéim ceart • 2 fhreagra chearta gan obair <i>Lánchreidiúint –1</i> • Feidhmigh * do shlánú mícheart, nó do fhreagraí i bhfoirm surda: $2 + \sqrt{11}$, $2 - \sqrt{11}$
(b)	<i>Freagra:</i> A <i>Cosaint:</i> Is é an t-aon ghraf é a thrasnaíonn an <i>y</i>-ais ag -2 [agus $f(0) = -2$] NÓ Ní C mar tá na fréamhacha mícheart, agus ní B mar tá an <i>y</i>-trasphointe mícheart.	Scála 10C (0, 3, 7, 10) Má bhíonn boscaí iolracha ticeáilte, déan neamhaird de na ticeanna go léir (mura mbíonn an freagra sainaitheanta go soiléir) Tabhair LC má ionchuireann iarrthóir luach <i>x</i> isteach i $f(x)$ agus gineann an luach comhfhreagrach <i>y</i> a shainmhíníonn graf A go huathúil. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> • Graf ceart sainaitheanta • Obair tuillteanais sa chosaint, mar shampla: míníonn cén fáth nach B ná C é; léiríonn tuiscint go dtrasnaíonn an graf an <i>x</i>-ais ag na fréamhacha <i>Páirtchreidiúint Ard</i> • Graf ceart sainaitheanta agus obair tuillteanais sa chosaint

C9	Réiteach Samplach – 25 Marc	Nótaí Marcála
(a)	$\frac{45}{15} \times 10\,000 = 30\,000$ [amharc]	Scála 5B (0, 3, 5) Glac le freagra ceart gan obair tacaíochta. <i>Páirtchreidiúint</i> Obair tuillteanais, mar shampla, roinnt iolraithe nó roinnte ceart comharthaithe, deilíní san áireamh
(b), (c)	(b) $\frac{80\,000}{10\,000} \times 15 = [\text{€}]120$ (c) $\frac{15}{10\,000} = [\text{€}]0.0015$ NÓ $[\text{€}]1 \cdot 5 \times 10^{-3}$ NÓ $[\text{€}] \frac{3}{2000}$	Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5) Glac le freagraí cearta gan obair tacaíochta. Glac le freagraí cearta in euro, gan aonad. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Obair tuillteanais i (b) nó (c), mar shampla, roinnt iolraithe nó roinnte ceart comharthaithe, deilíní san áireamh <i>Páirtchreidiúint Mheánach</i> (b) nó (c) ceart - Obair tuillteanais i (b) agus (c) araon <i>Páirtchreidiúint Ard</i> (b) nó (c) ceart agus obair tuillteanais sa chuid eile <i>Lánchreidiúint –1</i> - Freagra(i) cearta(a) tugtha i cent (le haonad)
(d)	Brabús = Ioncam - Costas $[\text{€}] 0.0015x - 70$	Scála 5B (0, 3, 5) Glac le freagra ceart gan obair tacaíochta. <i>Páirtchreidiúint</i> - Téarma ceart amháin sa slonn, mar shampla: –70 - Foirmle ábhartha cheart: Brabús = Ioncam – Costas



C9	Réiteach Samplach – 25 Marc	Nótaí Marcála
(e)	(i) $\frac{0.0015x-70}{7} = 200$ NÓ $0 \cdot 0015x - 70 = 1400$ (ii) $0 \cdot 0015x = 1470$ $x = 980\,000$	Scála 10D (0, 2, 6, 9, 10) I (ii), meastar gur obair tuillteanais é freagra ceart gan obair (seachas ceart) <i>Nóta:</i> i (ii), caithfidh an t-iarrthóir déileáil go leormhaith leis an 15 agus leis an 10 000, mura ndéanann meastar mar obair tuillteanais é ar a mhéid in (ii). <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Obair tuillteanais in (i) nó (ii), mar shampla: (i) 7×200 ; (ii) 1470, nó $\div 15$, nó $\times 10\,000$ <i>Páirtchreidiúint Mheánach</i> (i) nó (ii) ceart - Obair tuillteanais in (i) agus (ii) <i>Páirtchreidiúint Ard</i> - Cuid amháin ceart agus obair tuillteanais sa chuid eile <i>Lánchreidiúint -1</i> - Feidhmigh * don -70 ar iarraidh nó míúsáidte in (e)

C10	Réiteach Samplach – 30 Marc	Nótaí Marcála
(a)	$\text{Meá} = 50\,000 - 35\,000 = 15\,000$ $20\% \text{ de } €35\,000 + 40\% \text{ de } €15\,000$ $= 0 \cdot 2 \times 35\,000 + 0 \cdot 4 \times 15\,000$ $= 7\,000 + 6\,000$ $= €13\,000$	Scála 15C (0, 4, 12, 15) Glac le freagra ceart gan obair tacaíochta. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Obair tuillteanais, mar shampla aimsíonn 15 000 <i>Páirtchreidiúint Ard</i> 7000 nó 6000 ríofa
(b)	The graph illustrates the relationship between total annual income and the amount of income tax payable. The solid line represents a standard linear tax rate, while the dashed line represents a tax system with a tax-free allowance of 15,000 euros.	
	Tá na Nótaí Marcála do C10(b) ar an gcéad leathanach eile.	

C10	Réiteach Samplach – 30 Marc	Nótaí Marcála
(b)	Nuair $x = 35\,000$, $y = 0 \cdot 2 \times 35\,000 = 7\,000$ Nuair $x = 60\,000$, $\text{Meá} = 60\,000 - 35\,000 = 25\,000, \therefore$ $y = 7\,000 + (0 \cdot 4 \times 25\,000)$ $= 7\,000 + 10\,000 = 17\,000$	Scála 10C (0, 3, 7, 10) Glac le freagra ceart gan obair tacaíochta. Lamháltas: 1,000 ar x-ais agus 500 ar y-ais Nóta: Caithfidh an graf athrú fána a bheith aige ag $x = 35\,000$ do Lánchreidiúint <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> • Roinnt ríomha ceart ábhartha • Líne a tugadh leanta i gceart do bhosca amháin • Breacann (50 000, 13 000) nó (35 000, 7 000) <i>Páirtchreidiúint Ard</i> • Cuid amháin den ghraf ceart, is é sin: líne a tugadh leanta go dtí $x = 35\,000$ agus stopann; nó líne cheart tarraingthe ó $x = 35\,000$ go $x = 60\,000$ • Graf ceart faoi bhun $x = 30\,000$ agus ó $x = 40\,000$ suas go dtí $x = 60\,000$
(c)	Féach an graf líne poncailthe thuas.	Scála 5B (0, 3, 5) Nóta: má bhíonn graf mícheart tugtha i (b) sa bhfearann [15 000, 60 000], tabhair LC i (c) má bhíonn sé aistrithe i gceart. <i>Páirtchreidiúint</i> • Graf i (b) (thar fearann dar leithead 10 000 ar a laghad) aistrithe go hingearach nó go cothrománach • Roinnt ríomha ábhartha • Dhá phointe breactha i gceart

C11	Réiteach Samplach – 10 Marc	Nótaí Marcála
	$-3 \leq x \leq 1, \quad x \in \mathbb{Z}$ <i>nó aon éagothromóid bhailí eile</i>	Scála 10D (0, 2, 6, 9, 10) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> Obair tuillteanais, mar shampla: Bosca ceart amháin ticeáilte; éagothromóid amháin leathcheart.
	$x \leq 3, \quad x \in \mathbb{N}$ NÓ $0.5 < x < 4, \quad x \in \mathbb{Z} \text{ nó } x \in \mathbb{N}$ <i>nó aon éagothromóid bhailí eile</i>	<i>Páirtchreidiúint Mheánach</i> - Cuid amháin go hiomlán ceart (éagothromóid agus fearann comhoiriúnach) - Dhá éagothromóid ceart, ach bosca(i) mícheart(a) ticeáilte nó gan bosca ar bith ticeáilte
	$-2 < x < 4, \quad x \in \mathbb{R}$	<i>Páirtchreidiúint Ard</i> - Dhá chuid go hiomlán ceart (éagothromóid agus fearann comhoiriúnach) - Trí éagothromóid ceart, ach bosca(i) mícheart(a) ticeáilte nó gan bosca ar bith ticeáilte <i>Lánchreidiúint -1</i> - Feidhmigh * an chéad uair a bhíonn beaichte éagothromóide mícheart; déan neamhaird d'earráidí dá leithéid ina dhiaidh sin

C12	Réiteach Samplach – 15 Mharc	Nótaí Marcála
(a)	$\frac{2}{n-3} - \frac{5}{2n+5}$ $= \frac{2(2n+5) - 5(n-3)}{(n-3)(2n+5)}$ $= \frac{4n+10-5n+15}{(n-3)(2n+5)}$ $= \frac{-n+25}{(n-3)(2n+5)}$ NÓ $= \frac{-n+25}{2n^2-n-15}$	Scála 10D (0, 2, 6, 9, 10) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Obair tuillteanais, mar shampla: comhainmneoir ceart; roinnt iolraithe ceart intuigthe leis an ainmneoir $\frac{2(n-3)-5(2n+5)}{(n-3)(2n+5)}$ agus leanann air <i>Páirtchreidiúint Mheánach</i> - Uimhreoir curtha ar bun i gceart agus ainmneoir ceart - Dhá théarma ceart as $4n + 10 - 5n + 15$ san uimhreoir agus críochnaíonn i gceart - Gan aon chomhainmneoir, nó comhainmneoir mícheart, ach an t-uimhreoir ceart de réir an réitigh <i>Páirtchreidiúint Ard</i> $\frac{4n+10-5n+15}{(n-3)(2n+5)}$ 3 théarma ceart san uimhreoir agus críochnaíonn i gceart - Freagra ceart gan obair tacaíochta <i>Lánchreidiúint -1</i> - Léiríonn an comhainmneoir mar ainmneoir sna ríomhanna ach fágann é ina dhiaidh sin
(b)	$(4x-3)^2 + 24x$ $= 16x^2 - 12x - 12x + 9 + 24x$ $= 16x^2 - 24x + 9 + 24x$ $= 16x^2 + 9,$ agus $x^2 \geq 0 \quad \therefore \quad 16x^2 + 9 > 0$	Scála 5C (0, 2, 3, 5) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Faigheann luach an tsloinn i gceart i gcomhair réadluacha amháin de x $(4x-3)(4x-3)$ <i>Páirtchreidiúint Ard</i> - Téarma ceart amháin in iolrú an tsloinn a tugadh - Comharthú go $()^2 \geq 0$ <i>Lánchreidiúint -1</i> $16x^2 + 9$, ach gan chonclúid ar bith

C13	Réiteach Samplach – 15 Mharc	Nótaí Marcála
(a), (b)	(a) 1 Fíor uaireanta 2 Ní fíor riamh 3 Fíor i gcónaí 4 Fíor i gcónaí (b) <i>Tugann dhá shampla: ceann amháin a bhfuil an ráiteas fíor ann agus ceann eile nach bhfuil an ráiteas fíor ann. Mar shampla:</i> Fíor do {1, 2} agus {3, 4}; Bréagach do {1, 2} agus {1, 3}. NÓ Fíor má $P = 7$ lá den tseachtain agus $Q =$ míonna den bhliain; Bréagach má $P = 7$ lá den tseachtain agus $Q =$ laethanta den deireadh seachtaine NÓ Fíor do: Bréagach do:  NÓ Fíor do: Bréagach do:  NÓ Luann “Fíor má $P \cap Q = \emptyset$, bréagach seachas sin.” <i>nó cosaint bhailí ar bith eile</i>	Scála 15D (0, 3, 9, 13, 15) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Ráiteas amháin ceart in (a) - Gan aon ráiteas ceart in (a) ach obair tuillteanais i (b), mar shampla: freagraíonn “Fíor i gcónaí” do Ráiteas 1 agus tugann sampla ina bhfuil sé fíor <i>Páirtchreidiúint Mheánach</i> - Dhá ráiteas ceart in (a) - Ráiteas amháin ceart in (a) agus obair tuillteanais i (b), mar shampla: Ráiteas 1 ceart agus tugann sampla ina bhfuil sé fíor (nó ina bhfuil sé bréagach) <i>Páirtchreidiúint Ard</i> - Na ceithre ráiteas go léir ceart in (a) - Trí ráiteas ceart in (a) agus obair tuillteanais i (b) - Ráiteas amháin ceart in (a) agus (b) ceart de réir an réitigh

C14	Réiteach Samplach – 25 Marc	Nótaí Marcála
(a)	$\frac{(2n-5)(n+3)}{(n+3)(n-3)}$ $= \frac{2n-5}{n-3}$	Scála 15C (0, 4, 12, 15) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Obair tuillteanais san uimhreoir nó san ainmneoir, mar shampla: uimhir treorach sainaitheanta i gceart sa líne bairr (–30 nó 30) <i>Páirtchreidiúint Ard</i> - Uimhreoir nó ainmneoir fachtóirithe i gceart - Freagra ceart gan obair
(b)	(i) $(x + a)(x + b) = 0$ $x + a = 0$ or $x + b = 0$ $x = -a$ or $x = -b$ (ii) $(x + a)(x + b) \div (x + a)$ $= x + b$	Scála 10C (0, 3, 7, 10) Glac le freagra ceart gan obair tacaíochta. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> - Obair tuillteanais in (i) nó (ii), mar shampla: malartaíonn $x^2 + (a + b)x + ab$ ar $(x + a)(x + b)$ - Téarma amháin ceart sa bhfreagra má tá úsáid á baint as roinnt fhada in (ii) <i>Páirtchreidiúint Ard</i> (i) nó (ii) ceart - Obair tuillteanais in (i) agus (ii)

Páipéar 2

Struchtúr na scéime marcála

Marcáiltear freagraí na n-iarrthóirí de réir scálaí difriúla, ag brath ar na cineálacha freagra a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí in dhá chatagóir (ceart agus mícheart), i gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí i dtrí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu ar an bpáipéar scrúdaithe seo:

Lipéad an scála	B	C	D
Líon na gcatagóirí	3	4	5
Scála 5 mharc	0, 3, 5	0, 2, 3, 5	0, 2, 3, 4, 5
Scála 10 marc		0, 3, 7, 10	0, 2, 6, 8, 10
Scála 15 mharc		0, 6, 10, 15	0, 5, 9, 12, 15
Scála 20 marc			0, 5, 10, 15, 20

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos mionsonraithe le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léiriú i gcomhthéacs gach ceiste.

Scálaí marcála – tuairisceoirí leibhéil

B-scálaí (trí chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra ceart i bpáirt (páirtchreidiúint)
- freagra ceart (lánchreidiúint)

C-scálaí (ceithre chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (lánchreidiúint)

D-scálaí (cúig chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart (páirtchreidiúint mheánach)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (lánchreidiúint)

I gcásanna áirithe, ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar slánú mícheart, in a bhfághtar aonaid ar lár nó ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair, féadfar marc a thabhairt atá aon mharc amháin faoi mharc na lánchreidiúna. Tagraítear don leibhéal seo creidiúna mar *Lánchreidiúint –1*, agus sainithnítear na cineálacha seo earráidí le réiltín (*). Dá bhrí sin, mar shampla, i scála 10C, féadfar *Lánchreidiúint–1* as 9 marc a thabhairt.

Ní fhéadtar aon mharcanna a thabhairt seachas iad siúd atá ar an scála cuí, agus *Lánchreidiúint–1*.

Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm

Ceist 1 (15)

- (a), (b) 10C
- (c) 5B

Ceist 2 (25)

- (a) 5B
- (b) 10D
- (c) 10C

Ceist 3 (30)

- (a) 10C
- (b) 10C
- (c) 10D

Ceist 4 (25)

- (a),(b) 10D
- (c) 10C
- (d) 5C

Ceist 5 (15)

- (a) 10D
- (b),(c) 5D

Ceist 6 (40)

- (a) 5C
- (b),(c) 10D
- (d) 10C
- (e) 10C
- (f) 5B

Ceist 7 (30)

- (a) 15D
- (b)(i) 10D
- (b)(ii) 5C

Ceist 8 (10)

10C

Ceist 9 (10)

10D

Ceist 10 (35)

- (a) 15C
- (b) 15C
- (c) 5B

Ceist 11 (15)

15D

Ceist 12 (30)

- (a) 5B
- (b) 5C
- (c) 20D

Ceist 13 (15)

- (a) 5B
- (b) 10D

Ceist 14 (5)

5D

Réitigh Shamplacha & Nótaí Marcála

Níl sé i gceist gur liostaí uileghabhálacha na réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d’fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht chur chuige aon iarrthóra ar leith i gceist ar leith, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

Áit a dtagraítear sa scéim do “obair thuillteanais”, tugtar samplaí den chaighdeán atá inghlactha mar obair thuillteanais sa chuid ar leith sin.

I gcoitinne, glac le hobair iarrthóra i gcuid amháin ceiste lena húsáid i gcodanna den cheist ina dhiaidh sin, mura róshimplíonn sé seo an obair i gceist.

